Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15431/17**

**TRANS 542**
**TELECOM 345**
**MI 932**
**CYBER 208**
**ENFOCUSTOM 278**
**DAPIX 418**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15050/17 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le hiompar a dhigitiú<br>Conclúidí ón gComhairle (a glacadh an 5 Nollaig 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na "Conclúidí ón gComhairle maidir le hiompar a dhigitiú", a ghlac an Chomhairle ag an 3581ú cruinniú dá cuid ar an 5 Nollaig 2017.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an Iompar a Dhigitiú**

**MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

**AG FÉACHAINT DON MÉID SEO A LEANAS**

– Páipéar Bán - Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair – I dtreo córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní[1];

– na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 15 Nollaig 2016 lena ndírítear ar na bacainní atá fágtha a chuireann isteach ar shaorshreabhadh sonraí sa mhargadh aonair a bhaint[2];

– na conclúidí ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 maidir le plean gníomhaíochta don rRialtas 2016-2020[3];

– an straitéis Eorpach maidir le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí[4];

– dearbhú Thaillinn maidir le r-rialachas a glacadh ar an 6 Deireadh Fómhair 2017[5];

– an teachtaireacht 'an Eoraip ag gluaiseacht' *(Europe on the Move)* a ghlac an Coimisiún ar an 31 Bealtaine 2017[6];

– na conclúidí ón gComhairle an 8 Meitheamh 2017 maidir le "Tosaíochtaí le haghaidh bheartas iompair muirí an Aontais go dtí 2020: Iomaíochas, dícharbónú agus digitiú chun nascacht dhomhanda, margadh inmheánach éifeachtúil agus braisle mhuirí den chéad scoth a áirithiú"[7];

---

1 8333/11 + ADD 1 + ADD 2 +ADD 3.
2 EUCO 34/16.
3 12359/16.
4 11333/16 + ADD 1 + ADD 2.
5 https://www.eu2017.ee/sites/default/files/2017-10/Tallinn_eGov_declaration.pdf
6 9967/17 + ADD 1.
7 9976/17.

– na conclúidí ón gComhairle an 8 Meitheamh maidir le 'Sábháilteacht ar bhóithre'[8], lena bhformhuinítear dearbhú Vaileite;

– an straitéis Eorpach maidir le córais chliste chomhoibríocha iompair (C-ITS)[9];

– dearbhú Amstardam maidir le comhar i réimse na tiomána nasctha agus uathoibríche, an 14-15 Aibreán 2016[10];

– dearbhú aireachta Rotterdam maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a chur chun feidhme, a glacadh ar an 20 Meitheamh 2016[11];

– dearbhú aireachta Rotterdam maidir leis na conairí lasta iarnróid a glacadh ar an 21 Meitheamh 2016[12];

– an dearbhú aireachta a glacadh i dTaillinn ar an 18 Iúil 2017 maidir le 'chun go n-éireoidh le 5G san Eoraip'[13](*Making 5G a success for Europe*).

**An acmhainneacht a ghabhann le digitiú ó thaobh an iompair de**

1. AG MEABHRÚ DI a thábhachtaí atá digitiú don gheilleagar agus d'iomaíochas na hEorpa ó thaobh iompair agus lóistíochta de agus AG DEARBHÚ gur mian leis an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta ar an leibhéal domhanda sa réimse sin;

---

8 9994/17.

9 15203/16.

10 Ina dhiaidh sin, bhí an chéad idirphlé struchtúrtha ardleibhéil in Amstardam ar an 15 Feabhra 2017, síníodh an litir intinne maidir le tástáil na tiomána nasctha agus uathoibríche agus maidir le taispeántais ar mhórscála i ndáil leis sin ar an 23 Márta 2017 agus tionóladh an dara idirphlé struchtúrtha ardleibhéil ar an 14-15 Meán Fómhair 2017 in Frankfurt am Main, tráth ar thángthas ar chomhaontú maidir le "Plean gníomhaíochta i gcomhair na tiomána nasctha agus uathoibríche".

11 10308/16.

12 10306/16.

13 https://www.eu2017.ee/sites/default/files/inline-files/Ministerial%20declaration%205G_final_0.pdf

2. AG CUR leis an bhfís atá ann maidir le saorghluaiseacht shlán sonraí[14] lena gcothaítear nuálaíocht agus lena laghdaítear na bacainní a chuireann as d'fheidhmiú rianúil an mhargaidh aonair agus a bhféadfaí a mheas mar 'an cúigiú saoirse' de chuid an Aontais Eorpaigh;

3. AG DEARBHÚ a tiomantas leas iomlán a bhaint as na tairbhí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha chun go mbeidh earnáil iompair níos sábháilte, níos cuimsithí, níos nasctha, níos iomaíche agus níos glaine ann chun freastal ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí ar bhealach níos fearr;

4. AG AITHINT an acmhainneacht a ghabhann le digitiú chun an tionchar diúltach atá ag an iompar ar an gcomhshaol a laghdú agus chun an tsoghluaisteacht inbhuanaithe a neartú;

5. AG LEAGAN BÉIME ar a thábhachtaí atá sábháilteacht san earnáil iompair, go háirithe na cuspóirí atá ann líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha a tharlaíonn ar na bóithre a laghdú faoina leath[15] agus AITHNÍONN SÍ an acmhainneacht atá ag teicneolaíochtaí digiteacha chun cabhrú le sreafaí tráchta a dhéanamh níos sábháilte, le feithiclí a dhéanamh níos sábháilte agus chun go mbeidh sábháilteacht níos fearr ar bhóithre, go háirithe i gcás úsáideoirí leochaileacha bóthair;

6. AGUS É Á ADMHÁIL AICI go mbraitheann a mhéid a éireoidh le digitiú san earnáil iompair ar dhlúthchomhar idir na gníomhaithe uile, eintitis phríobháideacha agus eintitis phoiblí ar gach leibhéal san áireamh, agus é mar aidhm úsáid na réiteach digiteach a chur chun cinn agus a ghéarú;

7. AG LEAGAN BÉIME ar a thábhachtaí atá sé leas iomlán a bhaint as na teicneolaíochtaí digiteacha lena gcabhraítear le timpeallacht fhabhrach a chruthú do a) seirbhísí nuálacha iompair agus soghluaisteachta a bheidh ilmhódach, so-láimhsithe, cuimsitheach, inacmhainne, rianúil agus faoi thionchar an éilimh, amhail an tsoghluaisteacht mar sheirbhís agus seirbhís chomhtháite ticéadaithe ar fud an Aontais, b) úsáid éifeachtach agus an úsáid is fearr a bhaint as na seirbhísí agus as an bonneagar iompair atá ann cheana, agus c) soghluaisteacht níos fearr i limistéir uirbeacha agus tuaithe;

---

[14] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1–88).

[15] Na cuspóirí mar a comhaontaíodh iad sna conclúidí ón gComhairle an 8 Meitheamh maidir le 'Sábháilteacht ar bhóithre', lena bhformhuinítear dearbhú Vaileite.

8. Ag AITHINT DI na deiseanna chun leas iomlán a bhaint as sonraí iompair chun seirbhísí breisluacha ar fud an Aontais a chruthú agus a fheabhsú;

9. Agus BÉIM Á LEAGAN ar a thábhachtaí atá an idir-inoibritheacht agus comhchuibhiú na gcomhéadan don mhalartú sonraí mar chumasóir do sheirbhísí iompair ilmhódaigh trasteorann gan uaim;

10. Agus BÉIM Á LEAGAN freisin ar an gcaoi a gcabhraíonn an digitiú leis an ualach riaracháin a laghdú agus nósanna imeachta a shimpliú d'údaráis agus gnólachtaí, agus ag an am céanna, an chaoi a n-éascaíonn sé faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta agus cothroime iomaíochta a chruthú do gach oibreoir iompair.

**Dúshláin dhigitiú an iompair**

11. Agus É Á ADMHÁIL AICI gur dúshlán é an digitiú agus an t-uathoibriú do chórais, seirbhísí, eagraíochtaí agus daoine aonair san iompar traidisiúnta;

12. Ag MEABHRÚ DI gur d'ainneoin gur éagsúil é leibhéal na forbartha digití sna réigiúin, thar teorainneacha agus i modhanna difriúla iompair, tá torthaí dearfacha an phróisis digitithe le braistint agus, dá bhrí sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ an gá le breis éifeachtúlachta agus coincheapa nua lóistíochta a bheadh bunaithe ar fhaisnéis fíor-ama a bheadh ar fáil go hoscailte, agus lena bhféadfaí seirbhísí ilmhódacha iompair agus soghluaisteachta, gan uaim, a bhunú;

13. Agus BÉIM Á LEAGAN ar an obair atá déanta ag an gCoimisiún i gcomhar leis na Ballstáit d'fhonn leibhéil níos airde nascachta a chur chun cinn idir modhanna iompair, go háirithe trí fheabhas a chur ar bhainistiú sreafaí tráchta agus córas faisnéise iompair;

14. Agus béim á leagan aici ar a thábhachtaí atá príobháideacht, cosaint sonraí agus an chibearshlándáil ó thaobh muinín na saoránach, na ngnólachtaí agus na dtomhaltóirí sna réitigh dhitigeacha don iompar, le go mbeifí in ann an prionsabal 'digiteach mar réamhshocrú[16] a chomhlíonadh;

---

[16] Mar a sainíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún: Plean Gníomhaíochta Ríomhrialtais an Aontais Eorpaigh 2016-2020 - Dlús a chur le claochlú digiteach rialtais (8097/16 + COR 1 + ADD 1 + ADD 2).

15. AG AITHINT DI nach leor an malartú sonraí iompair atá á dhéanamh faoi láthair sna modhanna iompair agus in earnáil na lóistíochta agus eatarthu agus go bhfuil acmhainn ann chun seirbhísí digiteacha nua a fhorbairt;

16. Agus BÉIM Á LEAGAN aici ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh infheistíocht leordhóthanach ann, idir phoiblí agus phríobháideach, chun an bonneagar iompair dhigitigh a fhorbairt.

**DÉANANN SÍ, DÁ BHARR SIN, AN MÉID SEO A LEANAS:**

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún oibriú leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí chun straitéis chuimsitheach, ilmhódach a fhorbairt don digitiú le haghaidh earnáil an iompair le linn chéad ráithe 2019, a mbeadh treochlár ag gabháil léi ina mbeadh liosta táscach de ghníomhaíochtaí atá á mbeartú agus amlíne dá gcur i láthair;

18. LEAGANN SÍ béim ar a thábhachtaí atá an treoir NIS[17] agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[18]; IARRANN SÍ ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí treoir a thabhairt a chabhródh leis na modhanna sonracha iompair chun an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach, agus IARRANN SÍ ar an earnáil iompair rannchuidiú lena chur i bhfeidhm go hiomlán;

19. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh idirphlé leathan sa tsochaí agus dá bhrí sin IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar socheacnamaíoch agus comhshaoil an uathoibrithe agus an digitithe i réimse an iompair, na scileanna nua atá de dhíth san earnáil sin á gcur san áireamh, agus, más gá, bearta a mholadh le dul i ngleic leis na tionchair sin;

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún oibriú leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí, lena n-áirítear ar an leibhéal idirnáisiúnta, chun anailís a dhéanamh ar an gcóras dliteanais i gcomhthéacs dhigitiú an iompair, agus aghaidh á tabhairt go háirithe ar cháilíocht sonraí, sláine sonraí agus trácht feithiclí, soithí agus ladrann nasctha agus uathoibrithe agus BÉIM Á LEAGAN ar an ngá le saintréithe aonair gach modha iompair agus gach forbartha a chur san áireamh;

---

**17** Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála do líonraí agus do chórais faisnéise ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lch. 1-30).

**18** Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1–88).

21. ÁITÍONN SÍ ar na Ballstáit, na geallsealbhóirí agus comhlachtaí an Aontais níos mó sonraí neamhphearsanta a bhaineann le hiompar agus, i gcás inarb iomchuí, anaithnidithe, lena n-áirítear sonraí fíor-ama, a chur ar fail go hoscailte agus go hin-athúsáidte ar bhealach neamh-idirdhealaitheach do na soláthraithe agus na húsáideoirí seirbhíse ar fad, ar mhaithe le bainistiú éifeachtúil tráchta, seirbhísí nua digiteacha agus samhlacha nua gnó;

22. IARRANN SÍ go leanfaí ar aghaidh le hobair an Fhóraim Dhigitigh Iompair agus Lóistíochta (DTLF) chun bearta a fhorbairt i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha ar fad chun tacú le húsáid agus glacadh níos córasaí i ndáil le ríomhdhoiciméid agus malartú comhchuibhithe faisnéise agus sonraí sa slabhra lóistíochta, LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé go mbeadh Ballstáit an Aontais rannpháirteach i bprótacal e-CMR[19]; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún obair leantach iomchuí a mholadh maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Foirmiúlachtaí Tuairiscithe, lena n-áirítear tríd an r-Lastliosta a thabhairt isteach trí thimpeallacht fuinneoige comhtháite muirí aonair Eorpach d'fhonn Spás Eorpach Muiriompair gan Bhacainní a bhunú agus éifeachtúlacht agus tarraingteacht na hearnála iompair muirí a fheabhsú;

23. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na prionsabail 'digiteach mar réamhshocrú' agus 'gan faisnéis a sholáthar ach uair amháin'[20] a chur i bhfeidhm agus reachtaíocht nua chumasúcháin á forbairt nó reachtaíocht reatha á measúnú aige chun í a choinneáil in oiriúint don ré dhigiteach agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, agus ag an am céanna, ÁITÍONN SÍ go seachnófar an rórialáil lena bhféadfaí bac a chur ar sheirbhísí nuálacha;

24. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún díriú ar idir-inoibritheacht na seirbhísí digiteacha agus na réiteach digiteach trasteorann iompair bunaithe ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, idir mhoibíleacha, thalún agus shaitilítbhunaithe agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé coimirce a dhéanamh ar úsáid an speictrim raidió, go háirithe i ndáil le seirbhísí ríthábhachtacha sábháilteachta;

25. AITHNÍONN SÍ gur den bhunriachtanas í an loingseoireacht shatailítbhunaithe le go n-éireoidh le cur chun feidhme an digitithe sna modhanna uile iompair agus IARRANN SÍ go dtacófar tuilleadh leis na cláir GALILEO agus EGNOS;

---

19 Prótacal breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gConradh maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar (CMR) maidir leis an Nóta coinsíneachta leictreonach, 17 Bealtaine 2008, an Ghniéiv; atá i bhfeidhm ó 5 Meitheamh 2011.

20 Mar a sainíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coiste Eacnamhaíoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún: Plean Gníomhaíochta Ríomhrialtais an Aontais Eorpaigh 2016-2020 - Dlús a chur le claochlú digiteach rialtais (8097/16 + COR 1 + ADD 1 + ADD 2).

26. ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit ábhartha agus na geallsealbhóirí ábhartha, leas iomlán a bhaint as na meáin dhigiteacha, lena n-áirítear Seirbhísí Faisnéise Tráchta Abhann, chun feabhas a chur ar chomhtháthú an iompair ar uiscebhealaí intíre i slabhraí lóistíochta agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé réitigh dhigiteacha a fháil in earnáil na loingseoireachta gearrthurais muirí d'fhonn an t-iompar de mhuir laistigh den Aontas a spreagadh;

27. SPREAGANN SI earnáil an iarnróid agus na lóistíochta sonraí ábhartha a roinnt i measc na bpáirtithe lena mbaineann sa slabhra lóistíochta, lena n-áirítear críochfoirt, amhail Am Measta Teachta a bheadh iontaofa, chun na hiarnróid a chomhtháthú níos fearr sa slabhraí iompair agus chun feabhas a chur ar iomaíochas iompair idirnáisiúnta lasta d'iarnród;

28. SPREAGANN SÍ na Ballstáit agus na geallsealbhóirí uile atá rannpháirteach, le tacaíocht ón gCoimisiún, an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid, atá i gcroílár dhigitiú an iarnróid, a chur ag feidhmiú tuilleadh, agus tairbhí suntasacha a bhaint amach i dtéarmaí idir-inoibritheachta, sábháilteachta, éifeachtúlachta agus cáilíocht na seirbhíse;

29. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún dlús a chur leis an meastóireacht ar an Treoir[21] maidir le Córais Chliste Iompair (CCI) agus lena hathbhreithniú d'fhonn tacú leis an nuálaíocht theicniúil agus leis an iompar ilmhódach, ag tógáil ar an gcreat rialála atá ann cheana;

30. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí níos mó meán digiteach a úsáid chun comhlíonadh na reachtaíochta iompair a éascú agus a fhíorú, agus, dá bhrí sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sonraí digiteacha chun críche na rialacháin is infheidhme a fhorfheidhmiú san iompar de bhóthar agus IARRANN SÍ go háirithe go ndéanfaí teicneolaíochtaí digiteacha amhail an tacagraf cliste a fhorbairt agus a úsáid chomh luath agus is féidir, lena ndéanfaí gurbh fhusa obair na n-údarás forfheidhmithe;

31. IARRANN SÍ ar na Ballstáit oibriú lena chéile i bhFóram Domhanda na Náisiún Aontaithe um Shábháilteacht Tráchta ar Bhóithre chun treoir a fhorbairt le haghaidh Choinbhinsiúin na Vín agus na Ginéive um Thrácht ar Bhóithre le go mbeifear in ann tuilleadh nuálaíochta a bhaint amach agus feithiclí nasctha agus uathoibrithe a chur in úsáid go sábháilte ar bhóithre poiblí;

---

[21] Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadan le modhanna eile iompair (IO L 207, 6.8.2010, lch. 1).

32. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, de réir mar is iomchuí, leanúint de na hiarrachtaí faoi chuimsiú na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le go gcabhródh an creat idirnáisiúnta rialála an glacadh a bheidh le teicneolaíochtaí nua agus digitiú ar bord long, lena n-áirítear soithí uathrialacha a fhorbairt, agus sa chomhthéacs sin, is DÍOL SÁSAIMH DI an cleachtadh scóipe rialála le haghaidh úsáid shábháilte, shlán, neamhdhíobhálach don chomhshaol a bhaint as Longa Uathrialacha Dromchla Muirí agus SPREAGANN SÍ na Ballstáit agus an Coimisiún oibriú le go nglacfar le deimhnithe digiteacha do longa agus do mharaithe;

33. SPREAGANN SÍ an Coimisiún chun idir-inoibritheacht na seirbhísí digiteacha don iompar muirí agus ar uiscebhealaí intíre a chur chun cinn ar mhaithe leis an malartú faisnéise a éascú idir an dá mhodh sin;

34. ÁITÍONN SÍ ar chomhordaitheoirí Eorpacha Chonairí Chroíghréasán ilmhódacha an Ghréasáin Tras-Eorpaigh Iompair, i gcomhairle leis na Ballstáit, gníomhaíochtaí breise a áireamh sna pleananna oibre chun tionscadail nuálacha iompair a spreagadh agus forbairt na seirbhísí digiteacha agus na réiteach digiteach d'iompar a éascú, mar aon lena n-úsáid chomhordaithe, shioncronaithe;

35. IARRANN SÍ, gan dochar don toradh a bheidh ar an idirbheartaíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, go gcuirfí foinsí maoinithe ar fáil, chun tacú, inter alia, le córais agus réitigh dhigiteacha agus seirbhísí digiteacha a fhorbairt agus a chur chun úsáide gan mhoill le haghaidh an iompair sa todhchaí;

36. TUIGEANN SÍ gur aithin rannpháirtithe na comhdhála Laethanta Iompair Dhigitigh i dTaillinn ón 8 go dtí an 10 Samhain 2017 a thábhachtaí atá na forbairtí digiteacha in earnáil an iompair, agus SPREAGANN SÍ gach páirtí lena mbaineann leanúint den idirphlé leanúnach ar dhigitiú an iompair.